# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/934 ÓN gCOIMISIÚN

## an 9 Meitheamh 2021

## lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é fiabhras clasaiceach na muc a ghabhann do mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus do mhuc-ainmhithe fiáine agus is féidir tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, is féidir leis cur isteach ar ghluaiseacht coinsíneachtaí na hainmhithe sin agus táirgí ó na hainmhithe sin laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. Is féidir le leathadh an ghalair difear suntasach a dhéanamh do tháirgiúlacht earnáil na feirmeoireachta i ngeall ar chaillteanais dhíreacha agus indíreacha araon.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/764/AE ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos bearta rialaithe sláinte ainmhithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc sna Ballstáit agus leasaíodh é roinnt uaireanta chun forbairtí i staid eipidéimeolaíoch an Aontais a chur san áireamh go príomha maidir leis an ngalar sin. Beidh an maolú sin i bhfeidhm go dtí an 21 Aibreán 2021.

(3) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear creat reachtach nua chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó go daoine. Liostaítear fiabhras clasaiceach na muc faoi Airteagal 5(1)(a)(ii) den Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coiscthe agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]) liostaítear fiabhras clasaiceach na muc mar ghalar i gCatagóir A, D agus E a ghabhann do *Suidae* agus do *Tayassuidae*, agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([4]) forlíontar na rialacha maidir le rialú galar i gCatagóir A, B agus C a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, lena n-áirítear bearta rialaithe galar maidir le fiabhras clasaiceach na muc. Beidh feidhm ag na trí ghníomh sin ón 21 Aibreán 2021.

(4) Maidir le bearta rialaithe reatha an Aontais i dtaca le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2013/764/AE, is gá na bearta sin a ailíniú leis an gcreat reachtach nua maidir le sláinte ainmhithe arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/429. Is gá freisin rialacha an Aontais a ailíniú a mhéid is féidir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail na caighdeáin a leagtar amach i gCaibidil 15.2 'Ionfhabhtú le víreas fhiabhras clasaiceach na muc' den Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ([5]) (cód OIE).

(5) De bharr staid fhoriomlán fhiabhras clasaiceach na muc sna Ballstáit a mbaineann an galar sin leo, ar leibhéil eipidéimeolaíoch agus bainistithe riosca araon, tá riosca leanúnach ann go bhféadfadh an galar sin leathadh a thuilleadh san Aontas. Leis na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ní chumhdaítear na mionsonraí sonracha agus na gnéithe sonracha uile maidir le leathadh agus staid eipidéimeolaíoch fhiabhras clasaiceach na muc. Dá bhrí sin, is iomchuí bearta speisialta rialaithe galar a leagan síos ar feadh tréimhse teoranta ama, faoi choinníollacha atá iomchuí do staid eipidéimeolaíoch fhiabhras clasaiceach na muc na muc san Aontas chun a áirithiú go gcuirfear na bearta is gá chun feidhme go haonfhoirmeach san Aontas aon uair a bheidh riosca ann maidir le leathadh an ghalair sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/764/AE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2013 i dtaca le bearta rialaithe sláinte ainmhithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc i mBallstáit áirithe (IO L 338, 17.12.2013, lch. 102).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 i dtaca le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe maidir le rialú a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([5]) OIE Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún, 28ú hEagrán, 2019.

(6) I Rialachán (AE) 2016/429 sainmhínítear ráig mar chás a dhearbhaítear go hoifigiúil de ghalar liostaithe nó de ghalar atá ag teacht chun cinn ar ainmhí amháin nó níos mó i mbunaíocht nó in áit eile a gcoimeádtar ainmhithe nó a bhfuil siad suite. Ba cheart a chur san áireamh sna rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo an i muc-ainmhithe fiáine nó i muc-ainmhithe atá ar coimeád a tharla ráig d'fhiabhras clasaiceach na muc na muc.

(7) Ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le cur chuige réigiúnaithe a mbeidh feidhm aige de bhreis ar na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Ba cheart an Rialachán seo criosanna srianta na mBallstát lena mbaineann fiabhras clasaiceach na muc a liostú chun cur chuige an réigiúnaithe arna bhunú le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/764/AE a choinneáil ar bun.

(8) Maidir le rioscaí i ndáil le leathadh fhiabhras clasaiceach na muc, baineann leibhéil éagsúla riosca le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe agus tráchtearraí mucúla éagsúla. Mar riail ghinearálta, is le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád, táirgí geirmeacha agus seachtháirgí ainmhithe de bhunadh mucúil ó chriosanna srianta a bhaineann leibhéal riosca níos airde ó thaobh nochtadh agus iarmhairtí de, ná le gluaiseachtaí coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear go háirithe feoil úr agus táirgí feola. Dá bhrí sin, gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád, agus táirgí éagsúla ardriosca de bhunadh mucúil ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart toirmeasc a chur ar na gluaiseachtaí sin ar bhealach atá comhréireach leis an riosca a bhaineann leo agus ar bhealach a chuireann san áireamh na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154 ón gCoimisiún ([6]).

(9) Leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún ([7]) forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le formheas bunaíochtaí táirgí geirmeacha, le cláir na mbunaíochtaí táirgí geirmeacha atá le coinneáil ag na húdaráis inniúla, leis na hoibleagáidí atá ar oibreoirí maidir le taifid a choimeád, leis na ceanglais maidir le hinrianaitheacht agus sláinte ainmhithe, agus leis na ceanglais maidir le deimhniú sláinte ainmhithe agus fógra a thabhairt maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád chun cosc a chur ar leathadh galar in-tarchurtha ainmhithe laistigh den Aontas ag na táirgí sin. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha a leagtar síos leis an Rialachán seo tagairt a dhéanamh do Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([8]) a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a bhfuil ceanglas lena coinneáil ar údarás inniúil bunaíochtaí formheasta táirgí geirmeacha le haghaidh muc-ainmhithe.

(10) Le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) leagtar síos rialacha maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le seachtháirgí ainmhithe chun na rioscaí do shláinte ainmhithe a eascraíonn as na seachtháirgí sin a chosc agus a íoslaghdú. Ina theannta sin, leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([10]) rialacha áirithe maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le seachtháirgí ainmhithe a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, lena n-áirítear rialacha maidir leis na ceanglais deimhniúcháin le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe san Aontas. Ní chumhdaítear leis na gníomhartha dlíthiúla sin na sonraí sonracha agus na gnéithe sonracha uile maidir leis an riosca go leathfaidh fiabhras clasaiceach na muc trí sheachtháirgí ainmhithe a fuarthas ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ó mhuc-ainmhithe fiáine sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, is iomchuí bearta speisialta rialaithe galar a leagan síos sa Rialachán seo, bearta a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus le gluaiseachtaí coinsíneachtaí na seachtháirgí sin ó chriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, chun a áirithiú go gcuirfear na bearta is gá chun feidhme go haonfhoirmeach san Aontas aon uair a bheidh riosca ann maidir le leathadh an ghalair sin.

(11) Chun aon suaitheadh gan ghá ar thrádáil a sheachaint, is iomchuí coinníollacha agus maoluithe áirithe a leagan síos i ndáil leis na toirmisc dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart na maoluithe sin a chur san áireamh freisin na rialacha ginearálta maidir le galair ainmhithe a chosc agus a rialú a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus prionsabail Chód OIE a mhéid a bhaineann le bearta maolaithe riosca maidir le fiabhras clasaiceach na muc.

---

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe, le deimhniúchán agus le fógra a thabhairt i dtaca le gluaiseachtaí laistigh den Aontas de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe talún (IO L 431, 21.12.2020, lch. 5).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus leis na ceanglais maidir le hinrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí laistigh den Aontas de tháirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, le cláir dhíothaithe agus le stádas saor ó ghalair i dtaca le galair áirithe atá liostaithe agus atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte a mhéid a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus ítimí atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

(12) Foráiltear le hAirteagal 143 de Rialachán (AE) 2016/429 gur cheart deimhnithe sláinte ainmhithe a bheith ag gabháil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí ainmhithe, lena n-áirítear muc-ainmhithe atá ar coimeád. I gcás ina gcuirfear i bhfeidhm maoluithe ón toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe atá ar coimeád ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, maoluithe maidir le coinsíneachtaí a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú laistigh den Aontas, ba cheart tagairt don Rialachán seo a áireamh sna deimhnithe sláinte ainmhithe sin, chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis leormhaith agus chruinn faoi shláinte ainmhithe sna deimhnithe sláinte ainmhithe sin. Is gá maolú a dhéanamh ar na rioscaí a eascróidh as gluaiseachtaí coinsíneachtaí, agus as gluaiseachtaí lena n-úsáid go príobháideach, d'fheoil úr, de tháirgí feola úire agus d'aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine, ó choirp mhuc-ainmhithe fiáine, atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, agus muc-ainmhithe fiáine, ar gluaiseachtaí iad ó chriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann agus chuig Ballstáit eile. Ba cheart na rioscaí maidir le leathadh galair a laghdú trí thoirmeasc a chur ar oibreoirí gluaiseachtaí na dtáirgí sin agus gluaiseachtaí muc-ainmhithe fiáine a dhéanamh laistigh de na Ballstáit lena mbaineann agus ó na Ballstáit sin agus chuig Ballstáit eile, mar a leagtar síos in Airteagal 101 de Rialachán Tarmligthe 2020/688 ón gCoimisiún ([11]).

(13) Foráiltear le hAirteagal 167(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/429 go ngabhfaidh deimhnithe sláinte ainmhithe arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh le coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear coinsíneachtaí de bhunadh mucúil, a cheadaítear a n-aistriú ó chrios srianta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 71(3) den Rialachán sin faoi réir bearta áirithe rialaithe galar. I gcás ina ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le maoluithe ar thoirmisc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, ba cheart tagairt don Rialachán seo a áireamh sna deimhnithe sláinte ainmhithe, chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis shláinte atá leormhaith agus chruinn i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154.

(14) Maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí feoil úr nó feoil phróiseáilte agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, nó a choimeádtar lasmuigh de na criosanna srianta sin ach a mharaítear laistigh díobh, ba cheart iad a bheith faoi réir ceanglais deimhniúcháin nach bhfuil chomh docht sin chun srianta trádála neamhriachtanacha a bhfuil ualach rómhór ag baint leo a sheachaint. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann na gluaiseachtaí coinsíneachtaí sin laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna agus chuig Ballstáit eile a údarú bunaithe ar na marcanna sláinte nó ar na marcanna aitheantais a chuirtear orthu sna bunaíochtaí, ar choinníoll go n-ainmnítear na bunaíochtaí sin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Níor cheart do na húdaráis inniúla bunaíochtaí a ainmniú ach amháin i gcás ina bhfuil na muc-ainmhithe atá ar coimeád agus a dtáirgí atá incháilithe le haghaidh gluaiseachtaí lasmuigh de na criosanna srianta sin scartha go soiléir ó na hainmhithe agus táirgí sin nach bhfuil incháilithe le haghaidh gluaiseachtaí údaraithe den sórt sin.

(15) Ina theannta sin, i gcásanna sonracha, ba cheart feoil úr ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád a mharcáil i gcomhréir leis na ceanglais maidir le marcáil feola úire ó chriosanna cosanta agus faireachais a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 nó ba cheart an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád a mharcáil le marcanna speisialta. Níor cheart na marcanna speisialta sin a mheascadh leis an marc sláinte dá dtagraítear in Airteagal 48 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún ([12]) ná leis an marc aitheantais dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]).

(16) Tá gá le bearta áirithe maolaithe riosca agus bearta bithshlándála treisithe chun fiabhras clasaiceach na muc i mbunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád a chosc agus a rialú. Ba cheart na bearta sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus ba cheart bunaíochtaí a chumhdach leo atá faoi réir maoluithe maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar san criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis. Ba cheart na bearta sin aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta agus ar an mbonneagair atá i bhfeidhm i mbunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád; ba cheart na bearta sin aghaidh a thabhairt freisin ar an riosca a bhaineann le hainmhithe (seachas na muca atá ar coimeád) ag fánaíocht san áitreabh agus sna foirgnimh. Is airde an riosca sin nuair a bhaineann sé le muc-ainmhithe fiáine ag dul isteach san áitreabh agus sna foirgnimh. I gcás ina bhfuil speicis eile i gceist (peataí nó lotnaidí), agus iad ag gníomhú mar fhóimítí, is ann don riosca i gcónaí agus ní mór aghaidh a thabhairt air, freisin.

([11]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

(17) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429, agus gníomhartha de chuid an Choimisiúin atá bunaithe air, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Dá bhrí sin, ba cheart an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a áireamh sna tagairtí do na Ballstáit sa Rialachán seo.

(18) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais* chun na bearta a chur i bhfeidhm go tráthúil.

(19) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ar feadh tréimhse cúig mbliana ar a laghad, agus taithí an Aontais sa chomhrac i gcoinne fhiabhras clasaiceach na muc agus staid eipidéimeolaíoch reatha an ghalair sin agus beartais bainistithe galar i bhfeidhm maidir leis an ngalar sin sna Ballstáit lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhad na mbeart sin agus ar na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nuair a thiocfaidh eilimintí nua chun solais.

(20) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

**ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE**

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Sa Rialachán seo leagtar síos na nithe seo a leanas:

(a) bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras clasaiceach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit ([14]) ina bhfuil criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo (na Ballstáit lena mbaineann).

Tá feidhm ag na bearta speisialta rialaithe galar sin maidir le muc-ainmhithe atá ar coimeád agus le muc-ainmhithe fiáine mar aon le táirgí de bhunadh ainmhíoch, tháirgí geirmeacha agus seachtháirgí ainmhithe a fuarthas ó mhuc-ainmhithe, agus tá siad sa bhreis ar na bearta is infheidhme maidir le cosaint agus faireachas na gcriosanna srianta agus na criosanna ionfhabhtaithe arna mbunú ag údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 21(1) agus Airteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(b) bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras clasaiceach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag gach Ballstát.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gluaiseachtaí coinsíneachtaí de na nithe seo a leanas ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I:

(i) muc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(ii) táirgí geirmeacha, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a fuarthas ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád dá dtagraítear i bpointe (a)(i);

([14]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

(b) gluaiseachtaí díobh seo a leanas:

(i) coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe fiáine sna Ballstáit lena mbaineann;

(ii) coinsíneachtaí agus gluaiseachtaí lena n-úsáid go príobháideach ag sealgairí táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a fuarthas ó mhuca fiáine sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I nó a phróiseáiltear i mbunaíochtaí atá suite sna criosanna srianta sin;

(c) oibreoirí gnólachtaí bia a láimhseálann coinsíneachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).

3. Leis na bearta rialaithe galar dá dtagraítear i mír 1, cumhdaítear an méid seo a leanas:

(a) Leagtar síos le Caibidil II rialacha speisialta maidir le criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhunú i gcás ráig d'fhiabhras clasaiceach na muc;

(b) Leagtar síos i gCaibidil III bearta speisialta rialaithe galar is infheidhme maidir le coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus táirgí a fuarthas uathu sna Ballstáit lena mbaineann;

(c) Leagtar síos i gCaibidil IV bearta speisialta maolaithe riosca le haghaidh gnólachtaí bia sna Ballstáit lena mbaineann;

(d) Leagtar síos i gCaibidil V bearta speisialta rialaithe galar is infheidhme maidir le muc-ainmhithe fiáine sna Ballstáit lena mbaineann;

(e) Leagtar síos i gCaibidil VI na forálacha críochnaitheacha.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Sa bhreis air sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'muc-ainmhí' ainmhí de na speicis crúbach den fhine *Suidae* a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/429;

(b) ciallaíonn 'táirgí geirmeacha' seamhan, úicítí agus suthanna mucúla a fuarthas ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád le haghaidh atáirgeadh saorga;

(c) ciallaíonn 'ábhair i gCatagóir 2' seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (CE) 1069/2009 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád;

(d) ciallaíonn 'ábhair i gCatagóir 3' seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) 1069/2009 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád.

CAIBIDIL II

**RIALACHA SPEISIALTA MAIDIR LE CRIOSANNA SRIANTA A BHUNÚ I gCÁS RÁIG D'FHIABHRAS CLASAICEACH NA MUC AGUS BEARTA SPEISIALTA RIALAITHE GALAR A CHUR I bhFEIDHM SNA BALLSTÁIT UILE**

*Airteagal 3*

**Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta agus criosanna ionfhabhtaithe a bhunú i gcás ráig d'fhiabhras clasaiceach na muc**

I gcás ráig d'fhiabhras clasaiceach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine, bunóidh údaráis inniúla na mBallstát ceann amháin den dá rud seo a leanas:

(a) i gcás ráig i muc-ainmhithe atá ar coimeád, crios srianta i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687; nó

(b) i gcás ráig i muc-ainmhithe fiáine, crios ionfhabhtaithe i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

*Airteagal 4*

**Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta in Iarscríbhinn I a liostú i gcás ráig d'fhiabhras clasaiceach na muc i muc-ainmhithe fiáine i mBallstát**

1. Tar éis ráig d'fhiabhras clasaiceach na muc i muc-ainmhithe fiáine i limistéar Ballstáit, liostófar an limistéar sin mar chrios srianta in Iarscríbhinn I.

2. Áiritheoidh údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar teorannacha an chreasa ionfhabhtaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a choigeartú gan mhoill chun go gcuimseofar ar a laghad an crios srianta ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás an Bhallstáit sin.

*Airteagal 5*

**Cur i bhfeidhm ginearálta na mbeart speisialta rialaithe galari gcriosanna srianta**

Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na bearta speisialta rialaithe galar a leagtar síos in Airteagail 3 agus 4 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo sa bhreis ar na bearta rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 sna criosanna seo a leanas:

(a) na criosanna srianta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) na criosanna ionfhabhtaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

CAIBIDIL III

**BEARTA RIALAITHE GALAR IS INFHEIDHME MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ MUC-AINMHITHE A CHOIMEÁDTAR I gCRIOSANNA SRIANTA AGUS TÁIRGÍ A DHÉANTAR ASTU SNA BALLSTÁIT LENA mBAINEANN**

*ROINN 1*

***toirmisc shonracha ar ghluaiseachtaí de choinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus dá dtáirgí sna Ballstáit lena mbaineann***

*Airteagal 6*

**Toirmeasc sonrach ar ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta de choinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I de choinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin.

*Airteagal 7*

**Toirmeasc sonrach ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí ó na criosanna srianta de tháirgí geirmeacha a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I de choinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta sin.

*Airteagal 8*

**Toirmeasc sonrach ar ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta sin a liostaítear in Iarscríbhinn I de choinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin.

*Airteagal 9*

**Toirmeasc sonrach ar ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta de choinsíneachtaí d'fheoil úr agus de tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

1. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I de choinsíneachtaí d'fheoil úr agus de tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin.

2. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin maidir le coinsíneachtaí de tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ar táirgí iad a ndearnadh an chóireáil ábhartha maolaithe riosca orthu maidir le fiabhras clasaiceach na muc, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, i mbunaíochtaí a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán seo.

*ROINN 2*

***Coinníollacha ginearálta maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta***

*Airteagal 10*

**Coinníollacha ginearálta maidir le maoluithe ar an toirmeasc sonrach i ndáil le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

1. De mhaolú ar an toirmeasc sonrach dá bhforáiltear in Airteagal 6, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí a údarú ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 18 go 22, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos sna hAirteagail sin, agus na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687; agus

(b) na coinníollacha ginearálta maidir leis an méid seo a leanas:

(i) gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ó chriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, a leagtar síos in Airteagal 11;

(ii) bunaíochtaí le haghaidh muc-ainmhithe atá ar coimeád atá suite i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, a leagtar síos in Airteagal 12;

(iii) na modhanna iompair a úsáidtear chun muc-ainmhithe atá ar coimeád a iompar ó chriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, a leagtar síos in Airteagal 13.

2. Sula ndeonófar údaruithe dá bhforáiltear in Airteagail 18 go 22, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann measúnú ar na rioscaí a eascraíonn as na húdaruithe sin agus ní mór a léiriú sa mheasúnú sin gur diomaibhseach an riosca go leathfaidh fiabhras clasaiceach na muc.

*Airteagal 11*

**Coinníollacha ginearálta breise maidir le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

1. Maidir le gluaiseachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí ó na criosanna srianta sin a údarú ach sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagal 18 go 22, faoi réir comhlíonadh na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos sna hAirteagail sin ar choinníoll:

(a) gur coimeádadh na muc-ainmhithe laistigh dá mbunaíocht seolta agus nár aistríodh iad uaidh sin ar feadh tréimhse 90 lá ar a laghad roimh an dáta gluaiseachta, nó ó rugadh iad, i gcás ina bhfuil siad níos óige ná 90 lá d'aois, agus i rith na tréimhse 30 lá díreach roimh an dáta seolta nár tugadh isteach sa bhunaíocht sin aon mhuc-ainmhí eile atá ar coimeád ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I chuig aon cheann de na limistéir seo a leanas:

(i) an bhunaíocht seolta sin; nó

(ii) aonad eipidéimeolaíoch na bunaíochta seolta sin, áit ina raibh na muc-ainmhithe a bhí le haistriú coinnithe go hiomlán scartha. Tar éis don údarás inniúil measúnú riosca a dhéanamh, cinnfidh sé teorainneacha an aonaid eipidéimeolaíoch sin, agus deimhneoidh an t-údarás inniúil go áiritheofar maidir leis an struchtúr, an méid agus an fhad idir na haonaid eipidéimeolaíocha éagsúla agus i dtaca leis na hoibríochtaí atá á ndéanamh, go mbeidh saoráidí ar leith ann le haghaidh muc-ainmhithe atá ar coimeád ó thaobh tithíocht a chur ar fáil dóibh, iad a choimeád agus iad a bheathú ionas nach féidir le víreas fhiabhras clasaiceach na muc leathadh ó aonad eipidéimeolaíoch amháin go ceann eile;

(b) go ndearnadh scrúdú cliniciúil ar na muc-ainmhithe a coimeádadh sa bhunaíocht seolta, lena n-áirítear na hainmhithe sin atá le haistriú, agus go fuarthas torthaí fabhracha ar an scrúdú sin maidir le fiabhras clasaiceach na muc:

(i) ag tréidlia oifigiúil;

(ii) laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh am gluaiseachta na coinsíneachta; agus

(iii) i gcomhréir le hAirteagail 3(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus le pointe A.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis;

(c) i gcás inarbh ghá, agus treoracha an údaráis inniúil á leanúint, go ndearnadh tástálacha sainaitheantais pataigine nó tástálacha chun antasubstaintí a bhrath roimh dháta gluaiseachta na coinsíneachta ón mbunaíocht seolta:

(i) tar éis an scrúdaithe chliniciúil dá dtagraítear i bpointe (b) le haghaidh muc-ainmhithe a choimeádtar sa bhunaíocht, lena n-áirítear na hainmhithe sin atá le haistriú; agus

(ii) i gcomhréir le pointe A.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

2. Gheobhaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, i gcás inarb ábhartha, torthaí diúltacha ar thástálacha sainaitheantais pataigine dá dtagraítear i bpointe (1)(c) sula n-údarófar gluaiseacht choinsíneachta.

*Airteagal 12*

**Coinníollacha ginearálta breise le haghaidh bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád atá suite i gcriosanna srianta**

Maidir le gluaiseachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta atá lasmuigh de na criosanna sin a liostaítear in Iarscríbhinn I, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann na gluaiseachtaí sin a údarú ach sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 18 go 22 faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos sna hAirteagail sin agus ar choinníoll:

(a) go mbeidh cuairt tugtha ag tréidlia oifigiúil ar an mbunaíocht seolta uair amháin ar a laghad tar éis liostú na gcriosanna srianta in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus go mbeidh an bhunaíocht sin faoi réir cuairteanna rialta ó thréidlianna oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 26(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 dhá uair sa bhliain ar a laghad, agus eatramh ceithre mhí ar a laghad idir na cuairteanna sin;

(b) go gcuirfidh an bhunaíocht seolta ceanglais bhithshlándála chun feidhme maidir le fiabhras clasaiceach na muc:

(i) i gcomhréir leis na bearta bithshlándála treisithe le haghaidh bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád atá suite i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn II; agus

(ii) de réir mar atá bunaithe ag an mBallstát atá i gceist;

(c) go ndéanfar faireachas leanúnach trí thástáil le tástálacha sainaitheantais pataigine agus tástálacha chun antasubstaintí a bhrath le haghaidh fhiabhras clasaiceach na muc sa bhunaíocht seolta agus:

(i) go mbeidh sé i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis;

(ii) gach seachtain agus i ngach aonad eipidéimeolaíoch, go mbeidh torthaí diúltacha mar thoradh ar an tástáil a dhéanfar ar an gcéad dá mhuc-ainmhí atá ar coimeád, ar a laghad, ar muc-ainmhithe marbha iad atá os cionn 60 lá d'aois, nó, murab ann d'ainmhithe marbha den sórt sin atá os cionn 60 lá d'aois, torthaí diúltacha mar thoradh ar an tástáil a dhéanfar ar aon mhuc-ainmhí atá ar coimeád tar éis é a bhaint den diúl atá marbh;

(iii) go ndéanfar an faireachas ar feadh na tréimhse faireacháin le haghaidh fhiabhras clasaiceach na muc, ar a laghad, tréimhse a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 roimh ghluaiseacht na coinsíneachta ón mbunaíocht seolta.

*Airteagal 13*

**Coinníollacha ginearálta breise maidir leis na modhanna iompair a úsáidtear le haghaidh muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a iompar ó na criosanna srianta sin**

Ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí a údarú ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh na coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin ach amháin más rud é gur fíor an méid seo a leanas faoi na modhanna iompair a úsáidtear chun na coinsíneachtaí sin a iompar:

(a) go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687; agus

(b) go ndéantar iad a ghlanadh agus a dhíghalrú i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 faoi rialú nó faoi mhaoirseacht údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann.

*ROINN 3*

***Oibleagáidí atá ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe***

*Airteagal 14*

**Na hoibleagáidí ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

Maidir le coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ní aistreoidh oibreoirí iad ó na criosanna srianta sin chuig Ballstát eile sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 18 den Rialachán seo, ach amháin má tá deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin, deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 143(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo:

"Muc-ainmhithe a coimeádadh i gcrios srianta i gcomhréir leis na bearta speisialta rialaithe a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún.".

*Airteagal 15*

**Na hoibleagáidí atá ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí d'fheoil úr agus de tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád i gcriosanna srianta**

1. Maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ní aistreoidh oibreoirí iad ó na criosanna srianta sin chuig Ballstát eile sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22 den Rialachán seo, ach amháin má tá deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin, deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(b) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo:

'Feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún'.

2. Maidir le coinsíneachtaí táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, ní aistreoidh oibreoirí iad ó na criosanna srianta sin chuig Ballstát eile, ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) go ndearnadh ar na táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, an chóireáil ábhartha maolaithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) go ngabhann deimhniú sláinte ainmhithe leis na coinsíneachtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an méid seo a leanas:

(i) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(ii) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo:

'Táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún.'

3. Maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a mharaítear i seamlais atá suite sna criosanna srianta sin, ní aistreoidh oibreoirí iad ó na criosanna srianta sin chuig Ballstát eile, ach amháin i gcás ina bhfuil na nithe seo a leanas ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin:

(a) deimhniú sláinte ainmhithe dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(b) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo:

'Feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta agus a mharaítear i gcriosanna srianta i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún.'

4. Maidir le coinsíneachtaí táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus a phróiseáiltear sna criosanna srianta sin, ní aistreoidh oibreoirí iad ó na criosanna srianta sin chuig Ballstát eile, ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) go ndearnadh ar na táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, an chóireáil ábhartha maolaithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) go ngabhann deimhniú sláinte ainmhithe leis na coinsíneachtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an méid seo a leanas:

(i) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(ii) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo:

'Táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta agus a phróiseáiltear i gcriosanna srianta i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún.'

5. Féadfaidh údarás inniúil na mBallstáit lena mbaineann a chinneadh maidir le marc sláinte nó, i gcás inarb ábhartha, marc aitheantais dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a cuirtear ar an bhfeoil úr nó phróiseáilte agus ar tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, i mbunaíochtaí a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán seo, go bhféadfaidh na marcanna sin a chur in ionad an deimhnithe sláinte ainmhithe le haghaidh ghluaiseachtaí ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I i gcas na gcoinsíneachtaí seo a leanas:

(a) feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 1;

(b) táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 2;

(c) táirgí feola úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a mharaítear i seamlais atá suite sna criosanna srianta sin, chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 3;

(d) táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus a phróiseáiltear sna criosanna sin chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 4.

*Airteagal 16*

**Na hoibleagáidí ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí táirgí geirmeacha a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta**

Maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, ní aistreoidh oibreoirí iad ó na criosanna srianta sin chuig Ballstát eile sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 19 den Rialachán seo, ach amháin má tá deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 161(4) de Rialachán (AE) 2016/429. Beidh sa deimhniú sláinte ainmhithe an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo:

'Táirgí geirmeacha a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a coimeádadh i gcrios srianta i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún.'

*Airteagal 17*

**Na hoibleagáidí ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí ábhar i gCatagóir 2 agus 3 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta**

Maidir le coinsíneachtaí ábhar i gCatagóir 2 agus 3 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, ní aistreoidh oibreoirí iad ó na criosanna sin chuig Ballstát eile sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 20 agus 21, ach amháin má tá na nithe seo a leanas ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin:

(a) an doiciméad tráchtála dá dtagraítear i gCaibidil III d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011; agus

(b) deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5) de Rialachán Tarmligthe(AE) 2020/687.

*ROINN 4*

***Coinníollacha shonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád agus táirgí uathu sna Ballstáit lena mbaineann***

*Airteagal 18*

**Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha**

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 6, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí a údarú ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin chuig bunaíocht atá suite i gcríoch Ballstát eile agus chuig tríú tíortha, ar choinníoll:

(a) nár taifeadadh aon fhianaise ar fhiabhras clasaiceach na muc sna 12 mhí roimhe sin sa bhunaíocht seolta agus go bhfuil an bhunaíocht sin lasmuigh de chrios cosanta nó crios faireachais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(c) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagail 10 go 13.

2. Áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát uile maidir leis na coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá faoi réir gluaiseacht údaraithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go bhfanfaidh siad sa bhunaíocht chinn scríbe ar feadh na tréimhse faireacháin a cheanglaítear i gcás fhiabhras clasaiceach na muc, ar a laghad, tréimhse a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 nó go gcuirtear chun seamlais iad láithreach.

*Airteagal 19*

**Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí ó chriosanna srianta coinsíneachtaí táirgí geirmeacha a fuarthas ó bhunaíochtaí táirgí geirmeacha atá suite i gcriosanna srianta chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha**

De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 7, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí a údarú ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh coinsíneachtaí táirgí geirmeacha ó bhunaíochtaí táirgí geirmeacha atá suite sna criosanna srianta chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha, ar choinníoll:

(a) go ndearnadh na táirgí geirmeacha a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíochtaí agus fuarthas iad ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád, bunaíochtaí agus muc-ainmhithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11(1)(b) agus (c), Airteagal 11(2) agus Airteagal 12;

(b) gur coimeádadh deontóirí fireanna agus deontóirí baininne na muc-ainmhithe i mbunaíochtaí táirgí geirmeacha de réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(i) ar feadh tréimhse 90 lá ar a laghad roimh dháta bailithe nó táirgthe na dtáirgí geirmeacha;

(ii) i gcás nár tugadh isteach aon mhuc-ainmhí atá ar coimeád eile ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I ar feadh tréimhse 90 lá, ar a laghad, roimh dháta bailithe nó táirgthe na dtáirgí geirmeacha.

*Airteagal 20*

**Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí ó chriosanna srianta coinsíneachtaí ábhar i gCatagóir 2 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta lena ndiúscairt i mBallstát eile nó i dtríú tír**

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Rialachán seo, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a údarú le haghaidh coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe ábhar i gCatagóir 2 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin chuig gléasra próiseála lena bpróiseáil faoi mhodhanna 1 go 5, mar a leagtar amach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, nó chuig gléasra loiscthe nó comhloiscthe, dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, atá suite i mBallstát eile nó i dtríú tír, ar choinníoll:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 10(2);

(c) feistítear córas um loingseoireacht satailíte ar an modh iompair chun a shuíomh a chinneadh, a tharchur agus a thaifead san fhíor-am.

2. An t-oibreoir iompair atá freagrach as gluaiseachtaí coinsíneachtaí ábhar i gCatagóir 2, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) é a chur ar a chumas don údarás inniúil gluaiseacht an mhodha iompair a rialú san fhíor-am trí chóras um loingseoireacht satailíte; agus

(b) taifid leictreonacha ar an ngluaiseacht sin a choimeád ar feadh tréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta na gluaiseachta.

3. Údaráis inniúla na mBallstát seolta agus cinn scríbe choinsíneachta ábhar i gCatagóir 2, déanfaidh siad na rialuithe ar sheoladh na coinsíneachta sin a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 48(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.

*Airteagal 21*

**Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí ó chriosanna srianta de choinsíneachtaí d'ábhair i gCatagóir 3 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta chuig Ballstát eile nó chuig tríú tír lena bpróiseáil a thuilleadh nó lena dtiontú**

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Rialachán seo, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí ó chriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a údarú le haghaidh coinsíneachtaí ábhar i gCatagóir 3 a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin chuig gléasra nó bunaíocht arna formheas ag an údarás inniúil chun ábhair i gCatagóir 3 a phróiseáil ina mbeatha próiseáilte, ina bhia peataí phróiseáilte, táirgí díorthaithe atá lena n-úsáid lasmuigh den slabhra bia, nó chun ábhair i gCatagóir 3 a thiontú ina mbithghás nó ina múirín de réir Airteagal 24(1)(a), (e) agus (g) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, ar gléasra nó bunaíocht iad atá suite i mBallstát eile nó i dtríú tír, ar choinníoll:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 10(2);

(c) go bhfaightear na hábhair i gCatagóir 3 ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ó bhunaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagail 11 agus 12;

(d) go bhfeistítear córas um loingseoireacht satailíte ar an modh iompair chun a shuíomh a chinneadh, a tharchur agus a thaifead san fhíor-am;

(e) go n-aistrítear na seachtháirgí ainmhithe go díreach ón seamlas arna ainmniú i gcomhréir le Airteagal 23(1) chuig ceann de na háiteanna seo a leanas:

(i) gléasra próiseála le haghaidh phróiseáil na dtáirgí díorthaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinní X agus XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

(ii) gléasra bia peataí arna fhormheas chun bia peataí próiseáilte a tháirgeadh dá dtagraítear i gCaibidil II, pointe 3(b)(i), (ii) agus (iii) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

(iii) gléasra bithgháis nó múirínithe arna fhormheas chun seachtháirgí ainmhithe a thiontú ina muirín nó ina mbithghás i gcomhréir leis na paraiméadair chaighdeánacha tiontaithe dá dtagraítear i gCaibidil III, Roinn 1, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

2. An t-oibreoir iompair atá freagrach as gluaiseachtaí coinsíneachtaí ábhar i gCatagóir 3, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) é a chur ar a chumas don údarás inniúil gluaiseacht an mhodha iompair a rialú san fhíor-am trí chóras um loingseoireacht satailíte; agus

(b) taifid leictreonacha ar an ngluaiseacht sin a choinneáil ar feadh tréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta na gluaiseachta.

*Airteagal 22*

**Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí feoil úr nó táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha**

De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 9, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí amach as na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a údarú le haghaidh coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha, ar choinníoll:

(a) go coimeádadh na muc-ainmhithe i mbunaíocht nach raibh aon fhianaise inti ar fhiabhras clasaiceach na muc sna 12 mhí roimh dháta na gluaiseachta agus go bhfuil an bhunaíocht sin suite lasmuigh de chrios cosanta nó de chrios faireachais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) go comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(c) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 10(2);

(d) go bhfaightear an fheoil úr agus na táirgí úra ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagail 11 agus 12;

(e) gur táirgeadh an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 23(1).

CAIBIDIL IV

**BEARTA SPEISIALTA MAOLAITHE RIOSCA MAIDIR LE FIABHRAS CLASAICEACH NA MUC LE hAGHAIDH GNÓLACHTAÍ BIA SNA BALLSTÁIT LENA mBAINEANN**

*Airteagal 23*

**Ainmniú speisialta le haghaidh seamlas, ionaid gearrtha, fuarstóras, agus bunaíochtaí próiseála feola agus láimhseála géimfheola**

1. Faoi réir na gceanglas maidir le gluaiseacht údaraithe a leagtar síos in Airteagal 22, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, tar éis iarratas a fháil ó oibreoir gnólachtaí bia, bunaíochtaí a ainmniú chun críche mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus muc-ainmhithe fiáine sna criosanna srianta sin, a mharú agus chun feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, ó na muc-ainmhithe sin a ghearradh, a phróiseáil agus a stóráil.

2. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh gá leis an ainmniú dá dtagraítear i mír 1 i gcás bunaíochtaí ina maraítear muc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus muc-ainmhithe fiáine san criosanna srianta, ar bunaíochtaí iad a dhéanann feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, ó na muc-ainmhithe sin a phróiseáil, a ghearradh agus a stóráil, ar choinníoll:

(a) an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, atá de bhunadh mucúil, go ndéantar iad a mharcáil le marc speisialta sláinte dá dtagraítear in Airteagal 25;

(b) an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, atá de bhunadh mucúil ó na bunaíochtaí sin, nach bhfuil siad beartaithe ach le haghaidh an Bhallstáit chéanna lena mbaineann;

(c) seachtháirgí ainmhithe de bhunadh mucúil ó na bunaíochtaí sin, nach ndéantar iad a phróiseáil ná a dhiúscairt ach laistigh den Bhallstát céanna.

3. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann na nithe seo a leanas:

(a) nasc a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile chuig suíomh gréasáin an údaráis inniúil ar a bhfuil liosta de na bunaíochtaí ainmnithe agus a gcuid gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1;

(b) an liosta dá bhforáiltear i bpointe (a) a choinneáil cothrom le dáta.

*Airteagal 24*

**Coinníollacha speisialta i ndáil le bunaíochtaí a ainmniú le haghaidh marú, gearradh, próiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí úire, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I**

Ní ainmneoidh údarás inniúil na mBallstát lena mbaineann bunaíochtaí le haghaidh mharú, ghearradh, phróiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus ó mhuc-ainmhithe fiáine sna criosanna srianta sin, faoi réir na gceanglas maidir le gluaiseacht údaraithe a leagtar síos in Airteagal 22 ach amháin ar choinníoll:

(a) gearradh, próiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, go bhfuil na próisis sin scartha amach ó fheoil úr agus ó tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I nach gcomhlíonann an méid seo a leanas:

(i) na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagail 11, 12 agus 13; agus

(ii) na coinníollacha sonracha a leagtar síos in Airteagal 22;

(b) tá treoracha nó nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm ag oibreoir na bunaíochta, treoracha nó nósanna imeachta arna bhformheas ag údarás inniúil údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír (a).

*Airteagal 25*

**Marcanna speisialta sláinte**

Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar na táirgí de bhunadh ainmhíoch seo a leanas a mharcáil le marc speisialta sláinte nó, i gcás inarb ábhartha, le marc aitheantais nach marc ubhchruthach é agus nach féidir é a mheascadh leis an marc sláinte nó an marc aitheantais dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:

(a) an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fuarthas ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, mura mbeidh feidhm ag coinníollacha sonracha maidir le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta sin coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar sna criosanna srianta sin, mar atá leagtha síos in Airteagal 22; agus

(b) an fheoil úr agus na táirgí feola ó mhuc-ainmhithe fiáine a fuarthas laistigh de na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a aistrítear ón mbunaíocht a ainmnítear i gcomhréir le Airteagal 23(1).

CAIBIDIL V

**BEARTA SPEISIALTA RIALAITHE GALAR IS INFHEIDHME MAIDIR LE MUC-AINMHITHE FIÁINE SNA BALLSTÁIT**

*Airteagal 26*

**Toirmisc speisialta i ndáil le gluaiseachtaí muc-ainmhithe fiáine**

Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí muc-ainmhithe fiáine ag oibreoirí mar a fhoráiltear in Airteagal 101 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún sna háiteanna seo a leanas:

(a) laistigh de chríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann;

(b) as críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann chuig:

(i) Ballstáit eile; agus

(ii) tríú tíortha.

*Airteagal 27*

**Toirmisc shonracha maidir le gluaiseachtaí feola úire, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine, laistigh de na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus amach astu**

1. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine laistigh de na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus amach astu.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí feola úire, táirgí feola agus aon táirgí eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine laistigh de na criosanna srianta a líostaítear in Iarscríbhinn I agus amach astu sna cásanna seo a leanas:

(a) úsáid phríobháideach;

(b) má bhaineann sé le gníomhaíochtaí fiagaí a sholáthraíonn méideanna beaga de ghéimfheoil mhucúil fhiáin nó de ghéimfheoil de bhunadh mucúil go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíochtaí miondíola áitiúla a sholáthraíonn an tomhaltóir deiridh go díreach, mar a fhoráiltear in Airteagal 1(3)(e) de Rialachán (AE) 853/2004.

*Airteagal 28*

**Coinníollacha sonracha le haghaidh maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr, de tháirgí feola próiseáilte agus d'aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine laistigh de na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I**

De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 27, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí ítimí dá dtagraítear in Airteagal 27 a údarú ó bhunaíocht atá suite i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I laistigh de na criosanna srianta sin ar choinníoll:

(a) go ndearnadh tástálacha sainaitheantais pataigine agus tástálacha chun antasubstaintí a bhrath le haghaidh fhiabhras clasaiceach na muc i gcás gach muc-ainmhí fiáin a úsáidtear chun táirgí feola a tháirgeadh agus a phróiseáil sna criosanna srianta sin;

(b) go bhfuair an t-údarás inniúil torthaí diúltacha ar na tástálacha dá dtagraítear i bpointe (a) roimh na cóireála dá dtagraítear i bpointe (c);

(c) go ndearnadh na táirgí feola ó mhuc-ainmhithe fiáine a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 23(1).

*Airteagal 29*

**Coinníollacha sonracha le haghaidh maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí táirgí feola próiseáilte agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I**

De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 27, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gluaiseachtaí coinsíneachtaí na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 27 a údarú ó bhunaíocht atá suite i criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha, ar choinníoll:

(a) go ndearnadh tástálacha sainaitheantais pataigine agus tástálacha chun antasubstaintí a bhrath le haghaidh fhiabhras clasaiceach na muc i gcás gach muc-ainmhí fiáin a úsáidtear chun táirgí feola a tháirgeadh agus a phróiseáil sna criosanna srianta sin;

(b) go bhfuair an t-údarás inniúil torthaí diúltacha le haghaidh na tástálacha dá dtagraítear i bpointe (a) roimh na cóireála dá dtagraítear i bpointe (c) agus (d);

(c) go ndearnadh na táirgí feola ó mhuc-ainmhithe fiáine a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 23(1);

(d) gur cuireadh cóireáil ábhartha maolaithe riosca ar na táirgí feola ó mhuc-ainmhithe fiáine le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na criosanna srianta i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a mhéid a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc.

*Airteagal 30*

**Na hoibleagáidí atá ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí ó na criosanna srianta coinsíneachtaí táirgí feola próiseáilte, agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine ó na criosanna srianta sin**

Maidir le coinsíneachtaí de tháirgí feola próiseáilte agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine ó na criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ní aistreoidh oibreoirí iad chuig Ballstát eile ná chuig tríú tíortha sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 29 den Rialachán seo, ach amháin má tá deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin, dá bhforáiltear le hAirteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429, ina bhfuil an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(b) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo:

'Táirgí feola próiseáilte a fuarthas ó mhuc-ainmhithe fiáine i gcomhréir leis na bearta speisialta rialaithe a bhaineann le fiabhras clasaiceach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún.'.

CAIBIDIL VI

**FORALACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 31*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón tríú lá tar éis lá a fhoilsithe go dtí an 13 Meitheamh 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**CRIOSANNA SRIANTA**

1. **an Bhulgáir**

   Críoch iomlán na Bulgáire.

2. **an Rómáin**

   Críoch iomlán na Rómáine.

*IARSCRÍBHINN II*

**BEARTA BITHSHLÁNDÁLA TREISITHE LE hAGHAIDH BUNAÍOCHTAÍ MUC-AINMHITHE ATÁ AR COIMEÁD ATÁ SUITE I gCRIOSANNA SRIANTA A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN I**

(dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (b)(i))

1. Na bearta bithshlándála treisithe seo a leanas, dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (b)(i), beidh feidhm acu maidir le bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád atá suite i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, i gcás gluaiseachtaí údaraithe coinsíneachtaí díobh seo a leanas:

   (a) muc-ainmhithe a choinnítear i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, dá bhforáiltear in Airteagal 18;

   (b) táirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choinnítear i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, dá bhforáiltear in Airteagal 19;

   (c) seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choinnítear i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, dá bhforáiltear in Airteagal 21;

   (d) feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choinnítear sna criosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I, dá dtagraítear in Airteagal 22.

2. Oibreoirí bunaíochtaí muc-ainmhithe a choinnítear i gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I atá suite sna Ballstáit lena mbaineann, i gcás gluaiseachtaí údaraithe lasmuigh de na criosanna srianta sin, déanfaidh siad a áirithiú go gcuirfear na bearta bithshlándála treisithe seo a leanas i bhfeidhm sna bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád sin:

   (a) ní ceart aon teagmháil dhíreach nó indíreach a bheith ann idir na muc-ainmhithe atá ar coimeád agus, ar a laghad:

      (i) muc-ainmhithe eile atá ar coimeád ó bhunaíochtaí eile;

      (ii) muc-ainmhithe fiáine;

   (b) daoine a thagann isteach san áitreabh ina gcoimeádtar na muc-ainmhithe agus daoine a fhágann an áitreabh sin, ní mór dóibh bearta sláinteachais iomchuí a dhéanamh, amhail éadaí agus coisbhirt a athrú;

   (c) ní mór do dhaoine a thagann isteach san áitreabh ina gcoimeádtar muc-ainmhithe a lámha a ní agus a dhíghalrú ag an mbealach isteach;

   (d) daoine a dhéanann teagmháil le muc-ainmhithe atá ar coimeád sa bhunaíocht, níor cheart aon ghníomhaíocht fiaigh a bhaineann le muc-ainmhithe fiáine a bheith déanta acu nó níor cheart aon teagmháil eile a bheith acu le muc-ainmhithe fiáine ar feadh tréimhse 48 n-uaire an chloig ar a laghad roimh dhul isteach sa bhunaíocht dóibh;

   (e) toirmeasc ar dhaoine nó ar mhodhanna iompair neamhúdaraithe dul isteach sa bhunaíocht, lena n-áirítear na háitribh ina gcoimeádtar muc-ainmhithe;

   (f) coimeád taifead leordhóthanach a dhéanamh ar dhaoine agus ar mhodhanna iompair a théann isteach sa bhunaíocht ina gcoimeádtar na muc-ainmhithe;

   (g) maidir le háitreabh agus foirgnimh na bunaíochta ina gcoimeádtar muc-ainmhithe:

      (i) ní mór iad a bheith tógtha sa chaoi nach bhfuil aon ainmhithe eile in ann dul isteach san áitreabh ná sna foirgnimh agus nach bhfuil teagmháil acu leis na muc-ainmhithe atá ar coimeád ná lena mbeatha agus lena n-ábhar easrach;

      (ii) ní mór a bheith in ann lámha a ní agus a dhíghalrú iontu;

      (iii) ní mór a bheith in ann an t-áitreabh a ní agus a dhíghalrú;

      (iv) ní mór áiseanna feistis iomchuí a bheith iontu chun coisbhearta agus éadaí a athrú ag an mbealach isteach san áitreabh ina gcoimeádtar muc-ainmhithe;

   (h) fálú stocdhíonach a bheith timpeall ar an áitreabh ina gcoimeádtar na muc-ainmhithe agus ar na foirgnimh ina gcoimeádtar a gcuid beatha agus easrach, ar a laghad;

   (i) plean bithshlándála arna fhormheas ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a bheith ann, plean lena gcuirtear próifíl na bunaíochta agus an reachtaíocht náisiúnta san áireamh; áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sa phlean bithshlándála sin:

      (i) limistéir 'ghlana' agus limistéir 'shalacha' a bhunú le haghaidh na foirne, limistéir atá oiriúnach do thíopeolaíocht na feirme, amhail seomraí feistis, cithfholcadán, seomra bia;

(ii) na socruithe lóistíochta a bhunú agus a athbhreithniú, más infheidhme, maidir le muc-ainmhithe nua atá ar coimeád a thabhairt isteach sa bhunaíocht;

(iii) na nósanna imeachta maidir leis na saoráidí, na córacha iompair agus an trealamh a ní agus a dhíghalrú agus maidir le sláinteachas na foirne;

(iv) rialacha a leagan amach maidir le bia le haghaidh na foirne ar an láthair agus toirmeasc a chur ar an bhfoireann muc-ainmhithe a choimeád, i gcás inarb ábhartha agus más infheidhme;

(v) clár tiomnaithe d'fheasacht leanúnach na foirne ar an mbunaíocht;

(vi) socruithe lóistíochta a bhunú agus a athbhreithniú, más infheidhme, chun deighilt chuí idir aonaid eipidéimeolaíocha éagsúla a áirithiú agus chun nach mbeidh teagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, ag muc-ainmhithe le seachtháirgí ainmhithe ná aonaid eile;

(vii) na nósanna imeachta agus na treoracha maidir le ceanglais bhithshlándála a fhorfheidhmiú le linn thógáil an áitribh nó na bhfoirgneamh, nó le linn dheisiú an áitribh nó na bhfoirgneamh;

(viii) iniúchadh inmheánach nó féinmheastóireacht chun comhlíonadh bhearta na bithshlándála a áirithiú.